



Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha

Sonraíocht do Ghearrchúrsa de chuid na Sraithe

Sóisearaí

An Clár Ábhar

Intreoir don tsraith shóisearach	3
Réasúnaíocht	4
Aidhm	5
Forbhreathnú: Naisc	6
Lítearthacht sna meáin dhigiteacha agus ráitis foghlama	6
Lítearthacht agus scileanna sna meáin dhigiteacha	7
Forbhreathnú: Cúrsa	10
Ionchais maidir le scoláirí	11
Torthaí foghlama	11
Measúnú agus tuairisciú	16
Measúnú rangbhunaithe	16
Measúnú Rangbhunaithe: Tionscadal deiridh	17
Na gnéithe cáilíochta	17
Measúnú cuimsitheach	18
Aguisín: Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.	19

Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar taithí a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Is taithí d'ardchaighdeán a bhíonn iontu seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht agus le fiontar. Tógann clár an scoláire sa tsraith shóisearach ar an bhfoghlaim a rinne sé sa bhunscoil. Tacaíonn sé leis tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama. Cabhraíonn sé leis an scoláire chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshlán an tsaoil lasmuigh den scoil.

Réasúnaíocht

Tá daoine óga ag úsáid meán digiteach go gníomhach le páirt a ghlacadh sa saol sóisialta agus cultúrtha. Is gné atá ag éirí níos tábhachtaí é déanamh agus comhroinnt meán sa bhealach a ndéanann daoine óga cumarsáid agus a dtéann siad i ngleic lena chéile agus leis an saol mór. Dóibhsean, tá postáil, nascadh, comhroinnt agus cuardach i measc na mbealaí a mbíonn siad páirteach ina bpobail agus a ndéanann siad caidreamh sóisialta. Tugann an gearrchúrsa seo deiseanna leis an bhfaisnéis agus eolas atá ar líne a iniúchadh agus a fháil, ag cur ar a gcumas leanúint dá spéiseanna, iad féin a chur in iúl ar líne agus fadhbanna a bhaineann lena saol a réiteach.

Agus iad ag déanamh staidéir ar mheáin shóisialta, foghlaimíonn scoláirí conas teicneolaíocht dhigiteach, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon a úsáid le tabhairt faoi fhiosrú féindírthe. De réir mar a fhorbraíonn scoláirí a scileanna litearthachta digiteacha, feabhsaíonn siad a gcumas bheith eolach ar a bhfuil á lorg acu, cad é an fhaisnéis is cóir neamhaird a dhéanamh uirthi nó a chaitheamh de leataobh, agus conas a aithint cad is féidir bheith úsáideach nó suntasach. Foghlaimíonn siad conas idirdhealú idir na foinsí iolracha eolais atá ar fáil ar líne agus dúshlán a thabhairt do na tuairimí a fhaigheann siad ansin. Foghlaimíonn siad conas cruthú, comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach, agus a thuiscint conas agus cén uair is fearr is féidir teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid le tacú leis na próisis seo.

Aidhm

Tá sé mar aidhm ag an ngearrchúrsa seo cumas an scoláire a mhéadú agus a bheachtú le teicneolaíocht dhigiteach, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon a úsáid go cruthaitheach, go criticiúil agus go sábháilte, mar thaca lena bhforbairt, foghlaim agus cumas páirt a ghlacadh go héifeachtach sa saol sóisialta agus pobail.

Forbheathnú: Naisc

Taispeánann tábla 1 agus 2 sna leathanaigh ina dhiaidh seo conas atá litearthacht sna meáin dhigiteacha nasctha le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

Litearthacht sna meáin dhigiteacha agus ráitis foghlama

Tábla 1: Naisc idir litearthacht sna meáin dhigiteacha sa tsraith shóisearach agus na ráitis foghlama

Ráitis Foghlama	
Ráiteas	Samplaí d'fhoghlaim ghaolmhar sa chúrsa
RF 24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun oibriú agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil	Oibríonn scoláirí i meithleacha le hábhar digiteach a tháirgeadh ar ábhair a bhaineann lena saol.
RF 3: Cruthaíonn an scoláire réimse leathan téacsanna, tuigeann siad iad agus déanann siad léirmheas criticiúil orthu	Aimsíonn an scoláire ábhar digiteach, déanann siad breithmheas criticiúil air agus úsáideann siad é. Foghlaimeoidh siad conas nascleanúint agus breithmheas a thabhairt ar chaighdeán agus iontaofacht ábhair ar líne.
RF 1: Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ag baint úsáide as éagsúlacht meán i réimse comhthéacsanna T1	Comhroinneann, cuireann i láthair agus foilsíonn scoláirí a scéalta, smaointe agus tuairimí ar bhealach pearsanta agus cruthaitheach ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach.

Litearthacht agus scileanna sna meáin dhigiteacha

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil.

Fíor 1: Príomhscileanna na sraithe sóisearaí



Cuireann an cúrsa seo deiseanna ar fáil chun tacú leis na príomhscileanna uile, ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo. Sainaitníonn na samplaí seo thíos cuid de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama i litearthacht sna meáin dhigiteacha. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

Tábla 2: Naisc idir litearthacht ar na meáin dhigiteacha sa tsraith shóisearach agus príomhscileanna

An príomhscil	Gné na príomhscile	Gníomhaíocht foghlama an scoláire
A bheith cruthaitheach	An chruthaitheacht a spreagadh ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach	Scrúdaíonn an scoláire teicneolaíochtaí digiteacha agus cumarsáide éagsúla lena thuiscint conas a úsáidtear iad le teachtaireachtaí a chur in iúl.
A bheith liteartha	Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha	Pleanálann, dearann agus cruthaíonn an scoláire nithe digiteacha i bhformáidí meán digiteach éagsúla.
A bheith uimheartha	Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú	Is féidir le scoláirí ábhar agus a smaointe a léirmhíniú agus a chur i láthair i bhfoirm ghrafach
Cumarsáid	Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh	Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí digiteacha agus uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon le taighde a dhéanamh ar ábhair spéise dóibh ag agus a dtuairimí a chur in iúl, a chomhroinnt agus a chur i láthair maidir leis na hábhair seo, ag cur san áireamh luchtanna féachana éagsúla.
Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú	Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt	Cuardaíonn agus luachálann an scoláire ábhar i bhformáidí éagsúla digiteacha ar líne.

Mé féin a bhainistiú	Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid le mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú	Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí digiteacha agus uirlisí cumarsáide le dialann foghlama agus machnaimh ar líne a choinneáil.
Fanacht folláin	A bheith slán	Forbraíonn an scoláire cairt um chearta agus freagrachtaí ar lín a shainmhíníonn úsáid inghlactha teicneolaíochtaí digiteacha sa scoil.
Obair le daoine eile	Bheith ag obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach	Oibríonn an scoláire go comhoibritheach ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha

Forbheathnú: Cúrsa

Forbraíonn an tsonraíocht don ghearrchúrsa i litearthacht sna meáin dhigiteacha tuiscint níos mó sna scoláirí ar cad a ghlacann sé le bheith rathúil i dtimpeallachtaí digiteacha trí cheithre shnáithe idirnasctha: **Mo dhomhan digiteach; mo spéiseanna a leanúint ar líne; na fíricí a sheiceáil agus mé féin a fhoilsiú.**

Mo dhomhan digiteach: Sa snáithe seo fiosraíonn an scoláire an fáth le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid; iniúchann siad na saincheisteanna eiticiúla agus dlíthiúla maidir le meáin a íoslódáil ón idirlíon agus forbraíonn siad tuiscint ar shábháilteacht ar líne dóibh féin agus do dhaoine eile.

Mo chuid spéiseanna a leanúint ar líne: Sa snáithe seo, fiosróidh an scoláire conas a fhoilsítear téacsanna digiteacha agus cad iad a gcuipóirí éagsúla; cuirfidh siad i gcomparáid conas a chuirtear faisnéis chomhchosúil i láthair i bhformáidí éagsúla agus fiosróidh siad conas faisnéis a léiriú ag úsáid íomhána digiteacha.

Na fíricí a sheiceáil: Sa snáithe seo fiosróidh an scoláire conas a imríonn rogha an mheáin dhigitigh tionchar ar phatrúin tomhaltóirí agus fiosróidh siad coincheap an chlaonta agus an tionchair ar líne.

Mé féin a fhoilsiú: Sa snáithe seo fiosraíonn an scoláire cearta agus rioscaí ar líne, ag léiriú caighdeán agus prótacail mhaithe le haghaidh eolas a roinnt ar líne agus foghlaimeoidh siad conas foinsí ar líne a lua agus tagairt a dhéanamh dóibh go cruinn nuair a úsáideann siad iad.

Ní cheaptar go ndéanfar an gearrchúrsa seo in ord ar bith faoi leith, tá saoirse ag múinteoirí agus ag scoláirí na torthaí foghlama agus na snáithe a fhiosrú i gcur chuige comhtháite, agus in aon ord is fearr a oireann do gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.

Léiríonn an Measúnú Rangbhunaithe thíos an fhoghlaim a dhéanann scoláirí sa ghearrchúrsa CNCM seo. Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d'fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an Measúnú Rangbhunaithe a athrú freisin, ionas go léirítear foghlaim an scoláire ann. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt.

Ailínítear na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo leis na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Dearadh an cúrsa le haghaidh thart ar 100 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire.

Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é ionchais maidir le scoláirí a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí. I gcás na ngearrchúrsaí a d'fhorbair CNCM, beidh samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama ar fáil. D'fhéadfadh go rachadh sé chun tairbhe scoile a dhearann a cuid gearrchúrsaí féin taisce samplaí d'obair scoláirí a chruthú le haghaidh plé agus tagartha amach anseo.

Torthaí foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ar chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó an gearrchúrsa seo i litearthacht sna meáin dhigiteacha a chur i gcrích i rith na sraithe sóisearaí. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na tréimhse staidéir (thart ar 100 uair an chloig).

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin.

Snáithe 1: Mo dhomhan digiteach	
Foghlaimíonn an scoláire faoi...	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...
Mo shaol digiteach:	<p>1.1 a chur síos ar conas a úsáideann siad teicneolaíochtaí digiteacha, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon ina saol</p> <p>1.2 na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon a úsáid</p> <p>1.3 díospóireacht a dhéanamh ar na saincheistanna eiticíúla agus dlí maidir le ceol agus ábhair físe a íoslódáil ón idirlíon</p>
Úsáid mheasúil agus fhreagrach:	<p>1.4 tuiscint a léiriú ar úsáid mheasúil na meán digiteach, leis na coincheapa cóipcheart, úsáid chothrom, bradaíl agus úinéireacht maoine intleachtúil san áireamh</p> <p>1.5 a mbuartha a phlé faoina sábháilteacht phearsanta agus iad ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, uirlisí cumarsáide agus an idirlín</p> <p>1.6 cairt um chearta agus freagrachtaí ar líne don rang a chruthú</p> <p>1.7 cur síos a dhéanamh ar fhreagairtí cuí ar chásanna a d'fhéadfadh bheith dochrach.</p>

Snáithe 2 Leanúint de mo spéiseanna ar líne	
Foghlaimíonn an scoláire faoi...	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...
Cad is ábhar digiteach ann?	2.1 anailís a dhéanamh ar thréithe théacsanna na meán digiteach, a dhéanann éagsúil iad ó théacsanna na meán analógach 2.2 a léiriú conas a fhoilsítear téacsanna na meán digiteach ar an idirlíon
Cuardach agus breithmheas	2.3 an t-idirlíon a chuardach le faisnéis ar ábhar spéise faoi leith a bhailiú 2.4 faisnéis ó fhoinsí éagsúla a chur i gcomparáid lena hiontaofacht, bailíocht, cruinneas, údarás agus tráthúlacht a mheas
Cur in iúl trí íomhánna digiteacha	2.5 montáis íomhánna digiteacha a chruthú ó íomhánna a fuarthas ar líne 2.6 samplaí a chur i láthair inar úsáideadh ionramháil íomhá agus físe sna meáin 2.7 eolas a léiriú faoi ábhar atá ábhartha dá saol i bhformáid ghrafach.

Snáithe 3 Na fíricí a sheiceáil	
Foghlaimíonn scoláire faoi...	<p>Torthaí foghlama</p> <p>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...</p>
Formáidí meán digiteach	<p>3.1 anailís a dhéanamh ar phársa téacs digiteach leis an téama, cuspóir agus lucht féachana a shainathint</p> <p>3.2 anailís a dhéanamh ar conas a imríonn an rogha meáin dhigitigh tionchar ar an gcineál faisnéis a aimsítear/a scaiptear</p> <p>3.3 téacs meán digiteach a athléiriú ó fhoráid ar líne amháin go foráid ar líne eile e.g. ó fhíseán go blog</p>
Claontacht a lorg	<p>3.4 gníomhú mar thomhaltóir criticiúil trí théacsanna meán digiteach a aibhsíonn claontacht a chur i láthair</p> <p>3.5 taighde a dhéanamh ar úinéireacht mórshuíomhanna gréasáin agus ar an tionchar atá aice seo ar rochtain agus rogha</p>
Ról na meán digiteach inár sochaí	<p>3.6 tabhair samplaí de conas is féidir le téacsanna na meán digiteach tacú le saoránacht agus bheith ina mbonn eolais don chinnteoireacht</p> <p>3.7 léirmheas a dhéanamh ar ról teicneolaíochtaí digiteacha, uirlisí cumarsáid agus an idirlín i sochaí daonlathacha.</p>

Snáithe 4 Mé féin a fhoilsiú	
Foghlaimíonn an scoláire faoi...	<p>Torthaí foghlama</p> <p>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...</p>
Na meán shóisialta agus mise	<p>4.1 breac-chuntas a thabhairt ar na deiseanna agus na rioscaí atá ann mar gheall ar dhaoine óga ag úsáid líonraí sóisialta</p> <p>4.2 cearta daoine óg ar líne a thaifeadadh – an ceart ar eolas, ar shaoirse cainte, cosaint mionúr, agus ról tuismitheoirí, rialtas agus na sochaí sibhialta a gcearta a fhorfheidhmiú</p> <p>4.3 coincheap an phríobháideachais a phlé agus a fheidhmiú ag daoine óga ar líonraí sóisialta</p> <p>4.4 a léiriú conas is fearr eolas pearsanta a chomhroinnt, tuairimí agus mothúcháin a léiriú ar líne ar bhealach freagrach agus measúil</p>
Leanúint do mo phaisean	<p>4.5 mír a fhoilsiú ar líne ag cur i láthair a dtuairimí ar ábhar a bhaineann lena saol</p> <p>4.6 modh cuí a léiriú le hábhar ar líne a lua agus le tagairt a dhéanamh dó go cruinn</p> <p>4.7 stair phleanáil agus thaighde an tsaothair fhoilsithe a thaifeadadh.</p>

Measúnú agus tuairisciú

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim.

Tacaíonn an gearrchúrsa seo le héagsúlacht leathan cuir chuige i leith measúnú. Cé nach gá gach toradh foghlama a mheasúnú, tugann gach toradh foghlama deis measúnaithe. Samhlaítear go dtabharfaidh an scoláire fianaise ar a bhfoghlaim ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear (ath)léirithe digiteacha, taifead fuaime agus píosaí scríofa. Is mír riachtanach den fhoghlaim sa chúrsa seo rannpháirtíocht ghníomhach ag an scoláire i measúnú agus cruthú míreanna digiteacha trí idirghníomhú agus plé ar líne le comhscoláirí. I Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha tugtar a lán deiseanna do scoláirí machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim agus spriocanna soiléire a shocrú bunaithe ar an aiseolas a fhaigheann siad mar thacaíocht ar a bhfoghlaim. Nuair a bhíonn scoláirí páirteach i ngníomhaíochtaí mar léirmheas a dhéanamh ar ábhar digiteach, anailís a dhéanamh ar mheáin dhigiteacha, ábhar digiteach a chruthú, ábhar digiteach a aimsiú, féinmheasúnú agus piarmheasúnú a fhoilsiú ar líne, is féidir leo machnamh ar a bhfoghlaim ag úsáid comhghnéithe caighdeáin do na gníomhaíochtaí sin. Cuideoidh seo leo agus iad ag déanamh monatóireachta ar a ndul chun cinn foghlama agus leis na céad chéimeanna eile san fhoghlaim a phleanáil.

Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cuirfear dul chun cinn agus gnóthachtáil an scoláire sna gearrchúrsaí, idir mheasúnuithe leanúnacha agus an measúnú rangbhunaithe a bhaineann go sonrath leis an ngearrchúrsa seo, in iúl dá thuismitheoirí sa tuairisciú eatramhach agus i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Tá Foireann Uirlisí don Mheasúnú ar fáil ar líne chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc, measúnaithe agus tuairiscithe.

Measúnú rangbhunaithe

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sa mheasúnú sonrath/sna measúnuithe sonracha a leagtar amach i sonraíocht an ábhair nó an

ghearrchúrsa. Beidh Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngearrchúrsaí na sraithe sóisearaí. Nuair is féidir, glacfaidh múinteoirí na ngearrchúrsaí páirt i gcruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú.

Measúnú Rangbhunaithe: Tionscadal deiridh

Is píosa suntasach oibre é an tionscadal deiridh agus is féidir é a chur i láthair/a fhoilsiú i bhformáid dhigiteach chuí, agus is cóir é a chríochnú i dtreo dheireadh an chúrsa. Is féidir é a bhunú ar ábhar ar bith a bhaineann leis an gcúrsa. Foilseofar an tionscadal seo agus ba chóir go léireodh sé rannpháirtíocht i dtorthaí foghlama sna ceithre shnáithe go léir. Mar chuid de mheasúnú rangbhunaithe, ba chóir don scoláire na nithe seo a leanas a chur san áireamh: feasacht ar conas fanacht sábháilte ar léin, conas freagairt ar chásanna a d'fhéadfadh bheith dochrach, na buntáistí agus na rioscaí a bhaineann le líonrú sóisialta, agus conas bheith i do shaoránach ar líne measúil agus freagrach.

Is samplaí iad seo de chineál agus de mhéid na hoibre a bhfuiltear ag súil leo don mheasúnú rangbhunaithe

- Ar shuíomh gréasáin na scoile, leathanach a fhoilsiú ar pholasaí do na meáin shóisialta i do scoil. Ba chóir don ábhar foilsithe sonraí a thabhairt maidir leis an tionchar dearfach agus na dúshláin atá timpeall na meán sóisialta ar líne. Ba chóir go gcuimseodh sé grafaicí eolais nó físeáin nó cuir i láthair a shonraíonn iompar cuí ar líne. Ba chóir dó freisin cairt um chearta agus freagrachtaí ar líne do dhaoine óga a leagan amach, agus an áis a chomhtháthú do dhaoine eile le hábhar a chur leis trí bhlag.
- Suirbhé a dhearadh ar thuairimí daoine fásta i do phobal ar úsáid na meán sóisialta. Torthaí an tsuirbhé seo a fhoilsiú le feasacht ar chearta na rannpháirtithe, cuspóir an tsuirbhé, an spriocluchta féachana agus na hardáin éagsúla ar ar féidir eolas a scaipeadh. Is cóir torthaí an tsuirbhé a chur i láthair ag úsáid ábhar físe/grafaicí/íomhánna oiriúnacha agus is cóir gach céin den phleanáil agus den taighde a bheith taifeadta go soiléir.

Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn gnéithe na tacaíochta caighdeáin le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar an Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir a úsáidfidh múinteoirí chun tionscadal deiridh an scoláire a mheas.

Beidh ábhar níos mionsonraithe maidir le measúnú agus tuairisciú sa ghearrchúrsa seo sa tsraith shóisearach ar na meáin dhigiteacha, lena n-áirítear gnéithe cáilíochta agus sonraí na hoiriúntais praiticiúla a bhaineann le measúnú ar an Measúnú Rangbhunaithe seo, ar fáil i dtreoirlínte measúnaithe ar leith do litearthacht sna meáin dhigiteacha. Cuimseoidh na treoirlínte, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh píosaí oibre an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas ‘ar an iomlán’ a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta.

Measúnú cuimsitheach

Is príomhghné de theagasc agus d’fhoghlaim ar scoil iad cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnú Rangbhunaithe. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, .i. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir.

Bíonn oiriúntais a chuireann ar chumas gach scoláire an curaclam agus an measúnú a rochtain bunaithe ar riachtanais shonracha. Mar shampla, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann clóscríobh go fisiciúil bogearraí deachtaithe atá saor in aisce a úsáid chun measúnuithe leanúnacha agus an measúnú rangbhunaithe a chur i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann labhairt smaointe a chur i láthair agus in iúl trí phictiúir agus trí fhotheidil a chur in iúl trí theanga chomharthaíochta/a tharraingt/a scríobh/a chlóscríobh/a chruthú.

Má tá saindeacracht foghlama ag scoláire, d’fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as tascanna agus as gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear i láthair i mbealach difriúil. Tá treoirlínte cuimsitheacha faoi chuimsiú in iar-bhunscoileanna ar fáil [anseo](#) agus tá treoirlínte do mhúinteoirí scoláirí faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama ar fáil [anseo](#).

Aguisín: Na Táscairí Leibhéil le haghaidh

Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth bíonn baint ag an eolas, ag an scil agus ag an gcumas a ghnóthaítear le haghaidh theistiúchán agus dhámhachtainí Leibhéal 3 le forbairt phearsanta, le rannpháirteachas sa tsochaí agus sa phobal, le fostaíocht, agus le fáil ar oideachas agus ar oiliúint bhreise.

Leibhéal an Chreata	3
Náisiúnta Cáilíochtaí	
Eolas <i>Fairsinge</i>	Raon sách fairsing eolais
Eolas <i>Cineál</i>	Tagairt nithiúil den chuid is mó agus roinnt tuisceana ar an ngaol idir gnéithe eolais
Fios gnó agus scil <i>Raon</i>	Raon teoranta scileanna agus uirlisí praiticiúla agus cognaíocha a thaispeáint
Fios gnó agus scil <i>Roghnaíocht</i>	Roghnú ó raon teoranta gnásanna éagsúla agus réitigh ar eolas a chur i bhfeidhm ar raon teoranta d'fhadhbanna intuatha
Inniúlacht <i>Comhthéacs</i>	Gníomhú laistigh de raon teoranta comhthéacsanna
Inniúlacht <i>Ról</i>	Gníomhú faoi threoir le neamhspleáchas teoranta; feidhmiú i ngrúpaí aonchineálacha a bhfuil cleachtadh orthu
Inniúlacht <i>Foghlaim le foghlaim</i>	Foghlaim le foghlaim i dtimpeallacht bhainistithe
Inniúlacht <i>Léargas</i>	Glacadh le freagracht theoranta as leanúnachas féintuisceana agus iompair